**Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 40/04)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH LENA MODHNAÍTEAR AN DOICIMÉAD AONAIR

**"Almansa"**

**PDO-ES-A0044-AM04**

**Dáta na teachtaireachta: 26 Deireadh Fómhair 2021**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS**

1. **An téarmaíocht a úsáidtear le haghaidh pharaiméadair anailíseacha an tsiúcra iarmharaigh, cuireadh i gcomhréir í leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.**

Tuairisc:

Athraíodh ainm an pharaiméadair anailísigh "siúcra iarmharach" go "siúcraí iomlána arna sloinneadh mar ghlúcós móide fruchtós" i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018, lena ndéantar foráil maidir le hiomlán na siúcraí a chinneadh, arna shloinneadh i dtéarmaí fruchtóis agus glúcóis.

Leasaíodh pointe 2.1 den tsonraíocht táirge, ach ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc go n-oiriúnaíonn sé an téarmaíocht a úsáidtear le haghaidh na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha, ach níl aon athrú ar an táirge deiridh i gceist leis. Coinníonn an táirge na saintréithe agus an phróifíl a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar saintréithe agus próifíle iad is toradh ar an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Ba ghá an bealach a sloinntear cion siúcra na bhfíonta a shonrú.

2. **Athbhreithniú ar pharaiméadair anailíseacha**

Tuairisc:

Rinneadh na hathruithe seo a leanas: laghdaíodh an aigéadacht agus laghdaíodh teorainn datha i gcás fíonta dearga.

Athraíodh na cineálacha fíonta freisin go dtí na cineálacha fíonta seo a leanas: fíonta geala tirime agus fíonta *rosé*, fíon dearg tirim, fíonta leath-thirime, fíonta leath-mhilse agus fíonta milse, agus fíonta súilíneacha ar chaighdeán.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc nach bhfuil aon athrú ar an táirge deiridh i gceist leis. Coinníonn an táirge na saintréithe agus an phróifíl a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar saintréithe agus próifíle iad is toradh ar an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Aigéadacht iomlán arna laghdú faoi 0.5 g/l: Le blianta beaga anuas tháinig méadú ar mheánteochtaí, rud a d'fhág gur tháinig laghdú i gcoitinne ar aigéadacht gach cineáil fíonchaoire. Mar thoradh air sin, bíonn leibhéil aigéadachta iomlána is ísle sna fíonta, agus tagann laghdú níos mó arís ar na leibhéil chéanna le linn dóibh a bheith sa bhairille mar gheall ar dheascadh na salann ón aigéad tartarach. Is gá, dá bhrí sin, na paraiméadair fhisiciceimiceacha a choigeartú.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 1.

Íosteorainn datha níos ísle i gcás fíonta dearga: Tá cineálacha fíonchaor éagsúla i limistéar táirgthe an tsonrúcháin tionscnaimh “Almansa”. Ar thaobh amháin, is é is toradh nádúrtha ar Garnacha Tintorera fíonta a bhfuil poitéinseal datha an-ard acu, agus ar an taobh eile, Monastrell agus Garnacha Tinta, a tháirgeann fíonta is míne a bhfuil meándéine datha orthu. Go ginearálta, le deich mbliana anuas, tá éileamh sna margaí ar fhíonta aonchineáil a bhfuil blas caor is mó orthu, ar fíonta iad ina mbeidh dúil ag glúine nua tomhaltóirí a bhfuil spéis á cur acu i gcultúr an fhíona. Ní mór a bheith ag fíoneolaithe gach fíonghoirt na huirlisí is gá chun fíonta a tháirgeadh a mheallfaidh margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus na saintréithe agus na cineálacha atá le fáil inár limistéar táirgthe á gcoinneáil san am céanna.

Ní thiocfaidh laghdú ar an gcáilíocht má íslítear an íosteorainn déine datha i gcás fíonta dearga; a mhalairt air sin, cuireann sé leis an raon roghanna a thagann ó na cineálacha éagsúla fíonchaor sa limistéar, agus táirgfear fíonta is fíneálta, is coimpléascaí agus is tarraingtí dá bharr.

3. **Ath-shainmhíniú ar na saintréithe orgánaileipteacha**

Tuairisc:

Athscríobhadh na tuairiscí orgánaileipteacha ar na cineálacha fíona éagsúla.

Leasaíodh pointe 2.2 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc go n-oiriúnaíonn sé na saintréithe orgánaileipteacha ionas gur fearr is féidir measúnú a dhéanamh orthu san anailís chéadfach, agus ní bheidh aon athrú ar an táirge i gceist leis. Coinníonn an táirge na saintréithe agus an phróifíl a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar saintréithe agus próifíl iad is toradh ar an idirghníomhú idir tosca comhshaoil agus tosca daonna. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Le cur chun feidhme chaighdeán UNE-EN-ISO 17065 i bhfíorú na sonraíochta, is gá leasú a dhéanamh ar an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta a chumhdaítear ionas gur féidir a saintréithe a nascadh le tuairisceoirí ar féidir measúnú a dhéanamh orthu le painéal blaisithe a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i gcaighdeán UNE-EN-ISO 17025.

4. **Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a oiriúnú**

Tuairisc:

— Cuireadh deireadh le ceanglais fhíoneolaíocha áirithe agus méadaíodh an ráta maidir le fíonchaora dearga a phróiseáil ina bhfíon ionas nach mó an táirgeacht ná 74 lítear fíona in aghaidh 100 cileagram fíonchaor; Maidir le cineálacha fíonchaor bán, tá feidhm fós ag an táirgeacht 70 lítear fíona in aghaidh 100 cileagram fíonchaor.

— Tá toirmeasc ar na cineálacha fíonchaor bán agus dearg a mheascadh.

— Leagadh síos teorainneacha maidir le poitéinseal alcóil na bhfíonchaor.

— Toirmisctear teicnící téite chun eastóscadh datha a chur á dhéanamh.

Leasaíodh pointí 3 agus 5 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc nach bhfuil aon athrú ar an táirge i gceist leis. Coinníonn an táirge na saintréithe agus an phróifíl a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar saintréithe agus próifíle iad is toradh ar an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Dála aon tionscail agraibhia, tá athruithe teicneolaíocha tar éis teacht ar earnáil an fhíona le blianta beaga anuas. A bhuí leis na hathruithe sin, tá uirlisí nua ag fíoneolaithe chun fíonta a dhéanamh níos tarraingtí, níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Na cleachtais fíoneolaíochta a leagtar amach sa tsonraíocht, is cleachtais iad atá as dáta ar bhealaí go leor agus ní chuirtear san áireamh leo teicneolaíochtaí fíoneolaíochta nua, cineálacha táirgthe nua nó na cineálacha fíona nua atá á n-éileamh sna margaí faoi láthair. Ar na cleachtais

fhíoneolaíocha sin, tá siúcraí a choipeadh go hiomlán, amanna maothúcháin íosta a leagan síos, teorainneacha maidir le teochtaí coipthe a leagan síos agus eastóscadh fíona a theorannú go 70 %, ar nithe iad a chuidíonn feabhas a chur ar cháilíocht an fhíona, ach ar shlite go leor freisin fágann siad nach féidir leis na teicneoirí ach an chuid is fearr a bhaint as na fíonchaora i ngach baisc táirgthe. I bhfianaise an mhéid thuas, ní mór cleachtais fhíoneolaíocha a dhíriú ar fhíon ar ardchaighdeán a tháirgeadh, ionas go gcuirfidh eolas, taithí agus cumas gach foirne teicneoirí le cur i bhfeidhm na dteicnící is fearr a chomhlíonann saintréithe na bhfíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh "Almansa" mar a leagtar síos sa tsonraíocht.

An méadú ar an táirgeacht ó 70 lítear go 74 lítear in aghaidh an 100 cileagram fíonchaor dearg, is méadú é atá bunaithe ar an gcaoi, nuair a chuirtear brú is mó orthu sna cantaoirí, a gcruthaíonn cuid de na cineálacha sa limistéar táirgthe seo, amhail Monastrell, Cabernet, Garnacha agus Merlot, úrfhíonta ina bhfuil tiúchan polaifeanól ar cháilíocht an-ard, arb úrfhíonta iad nach mór, faoi na rialacha atá ann cheana, a dhiúscairt ionas nach sárófar an teorainn atá bunaithe.

Leis an méadú 4 % sin, chuirfí feabhas ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear ó roinnt cineálacha faoin STFC "Almansa" nach bhfuil chomh saibhir céanna ó thaobh antóiciaininí agus polaifeanól, rud a d'fhágfadh fíon ina bhfuil tiúchan is airde de na comhdhúile sin.

Maidir leis an toirmeasc ar fhíonchaora dearga agus bána a mheascadh, tá sé d'aidhm ag an toirmeasc céanna cáiltabhairt agus carachtar na bhfíonta dearga ónár limistéar a choinneáil, agus tréith bhunúsach idirdhealaitheach ár sonrúcháin tionscnaimh á coinneáil san am céanna, eadhon an dlús ard dathanna, tainnine agus bolaithe atá ar ár bhfíonchaora dearga. Meastar, dá bhrí sin, go ndéanann an cineál measctha sin dochar don charachtar céanna sin agus go mbeifear ag imeacht ón ngné fhíor-riachtanach idirdhealaitheach ar a bhfuil ár sonrúchán tionscnaimh bunaithe ceann de na saintréithe is tábhachtaí atá againn a bhaint.

Maidir le neart alcóil féideartha na bhfíonchaor, léiríodh i dtéarmaí fíoneolaíochta gur príomhfhachtóir i dtáirgeadh fíonta ar ardchaighdeán is ea aibíocht na bhfíonchaor. Na fíonchaora atá faoi bhun na dteorainneacha socraithe tráth a mbuainte, táirgfear leo fíonta a mbeidh cáilíochtaí acu nach léiríonn fíorcharachtar ár sonrúcháin tionscnaimh, rud a dhéanfaidh dochar d'íomhá agus do ghradam an limistéir fíonsaothrúcháin seo.

Ar an gcaoi chéanna, ceann d'aidhmeanna an tsonrúcháin tionscnaimh seo is ea idirdhealú a dhéanamh idir ár bhfíonta agus fíonta limistéar eile. Níorbh fhéidir sin a dhéanamh gan féachaint le leas a bhaint as poitéinseal iomlán ár bhfíonchaor.

Maidir le teicnící téimh, is den fhíor-riachtanas í tréimhse maothaithe na gcraicne leis an úrfhíon chun saintréithe gach cineáil fíonchaoire a bhaint. Na teicnící a úsáidtear chun dath a bhaint trí théamh, ní chaomhnaítear leo na craicne ar feadh tréimhse fada go leor chun na bolaithe agus na blasanna a fhaightear tríd an maothú traidisiúnta a thabhairt do na fíonta. Is é an toradh a bhíonn orthu, fíonta ar chaighdeán maith, ach ar fíonta iad a chailleann carachtar sainiúil an STFC "Almansa". Ar an gcúis sin, tá toirmeasc ar na teicnící sin.

5. **Cineálacha fíonchaor nua a chur leis**

Tuairisc:

Cuireadh dhá chineál nua leis: *Macabeo* faoi chineálacha bána agus *Cabernet Franc* faoi chineálacha dearga.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair toisc gur cuireadh isteach iad mar chineálacha tánaisteacha.

Is leasú caighdeánach é seo, arb é an toradh a bheidh air go dtáirgfear na cineálacha fíona céanna a mbeidh na tréithe céanna agus an phróifíl chéanna acu agus a dtugtar tuairisc orthu sa nasc, ar nithe iad a eascraíonn as an idirghníomhú idir tosca nádúrtha agus tosca daonna. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Tá na cineálacha sin á gcur laistigh den limistéar táirgthe STFC "Almansa" cheana, ar cineálacha iad lena dtáirgtear fíonta a choinníonn na saintréithe a leagtar síos sa tsonraíocht le haghaidh fíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh seo, agus tá údar lena n-áireamh ar bhonn an éilimh atá ann faoi láthair sa mhargadh.

6. **Coinníollacha breise a athdhréachtú (lipéadú)**

Tuairisc:

Athraíodh céatadán an chineáil is gá chun gur féidir gan ach an cineál sin a lua. Scriosadh dhá théarma thraidisiúnta ("Superior" agus "Rancio") freisin.

Leasaíodh pointe 8 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc gurb éard atá ann, nuashonrú ar an reachtaíocht agus oiriúnú do na ceanglais is infheidhme. Leis an leasú seo is féidir na cineálacha fíona céanna a tháirgeadh, a bhfuil na saintréithe céanna acu agus atá ag an táirge faoi chosaint. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Sa chéad mhír, an céatadán de chineál fíniúna sonrach is gá chun gur féidir gan ach an cineál sin a lua, leasaíodh go 85 % é. Dá bhrí sin, tá sé sin curtha i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme (Airteagal 50(a)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33). Sa tríú mír, scriosadh dhá théarma thraidisiúnta toisc nach n-úsáidtear iad.

7. **Na comhlachtaí deimhniúcháin agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc:

Tugadh cothrom le dáta liosta na gcomhlachtaí rialaithe formheasta agus an tagairt do rialacháin an Aontais atá i bhfeidhm.

Leasaíodh pointí 8 agus 9 den tsonraíocht táirge, ach ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc gurb éard atá ann, nuashonrú ar liosta na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní thagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

Cúis:

Ba ghá an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainmneacha**

Almansa

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí finiúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Fíon geala tirime agus fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta éadroma iad na fíonta geala, ina bhfuil neart alcóil meánach, agus ó bhuí níos éadroime go buí níos órga an dath a bhíonn orthu. Bíonn an torthúlacht i dtreis iontu, ach is féidir bolaithe adhmadúla tóstáilte a bheith sa bhreis air sin freisin. Aigéadacht mhaith, blas úr agus ar bhlas na gcaor. D'fhéadfadh blas éadrom adhmadúil tóstáilte teacht chun cinn.

Bíonn dath bándearg dorcha go dath sú craobh nó dath an bhradáin ar na fíonta *rosé*. Bíonn siad úr éadrom agus bíonn aigéadacht mheánach iontu. Sa bhéal, bíonn blas bríomhar orthu agus iad ar bhlas na gcaor.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)

—

Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)

11.5

Aigéadacht iomlán íosta

4 gram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéis in aghaidh an lítir)

10

Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)

180

2. *fíonta geala, rosé agus dearga leath-thirime, fíonta geala, rosé agus dearga leath-mhilse agus fíonta geala, rosé agus dearga milse*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

An chuma agus an blas atá ar na fíonta sin is cosúil iad leis na fíonta tirime a tháirgtear ón gcineál céanna.

Tá cothromaíocht sa bhlas a bhíonn orthu i dtéarmaí neart alcóil, aigéadachta agus cion siúcra iarmharaigh.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair: 180 mg/l más mó ná 5 g/l an cion siúcra iomlán arna shloinneadh mar fhruchtós móide glúcós, agus an teorainn a leagtar síos sa reachtaíocht más lú ná 5 g/l an cion siúcra iomlán arna shloinneadh mar fhruchtós móide glúcós.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)

—

Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)

9

Aigéadacht iomlán íosta

3 gram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéis in aghaidh an lítir)

16.7

Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)

—

3. *Fíon dearg tirim*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

D’fhéadfadh déine datha mheánach go hard-déine datha a bheith orthu, agus imir orthu ó imir dhearg go vialait, corcra, gairnéad, caordhearg, rúibíneach, agus d’fhéadfadh dath donnrua a bheith orthu freisin.

Ó dhéine mheánach go hard-déine agus bolaithe úra orthu, agus d’fhéadfadh bolaithe adhmadúla tóstáilte a bheith orthu freisin.

Idir mheándéine go hard-déine iontu, dea-chothromaíocht iontu agus iad dea-struchtúrtha, d’fhéadfadh blas saintréitheach a bheith ar na fíonta sin, eadhon blas adhmadúil a bhfuil blas beag tóstáilte air.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)

—

Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)

12

Aigéadacht iomlán íosta

4 gram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéis in aghaidh an lítir)

11.7

Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)

150

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Boilgeoga fíneálta a mhaireann i bhfad, agus bíonn ó imir éadrom go himir órga lonrach ar na fíonta geala, agus bíonn imir bhándearg go himir ar dhath na tíle ar na fíonta *rosé*. Bolaithe glana torthúla a bhíonn orthu. Tá bolaithe an-láidir ar fhíonta "Reserva". Cothromaíocht leo sa bhéal, agus struchtúr acu a thugann blas taitneamhach dóibh.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)

—

Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)

10

Aigéadacht iomlán íosta

3.5 gram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéis in aghaidh an lítir)

13.3

Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair (ina mhilleagraim in aghaidh an lítir)

185

## 5. **Cleachtais fíonóireachta**

### 5.1. ***Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha***

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Nuair a bhíonn an t-úrfhíon nó an fíon á eastóscadh agus é á dheighilt ón marc torthaí, ní mór an brú ceart a chur chun a áirithiú nach mó an táirgeacht ná 74 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora dearga agus 70 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora bána.

Maidir le táirgeadh fíonta dearga, is é 48 n-uair an chloig an tréimhse mhaothúcháin íosta.

Ní cheadaítear cineálacha fíonta geala agus fíonta dearga a mheascadh.

Na coimeádáin adhmaid a úsáidtear sna próisis aosaithe, ní mór iad a bheith déanta as dair agus ní mór toilleadh a bheith iontu a chomhlíonann na teorainneacha toirte a leagtar síos leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le húsáid téarmaí traidisiúnta áirithe.

Aosú i bairillí.

5.2. ***Na táirgeachtaí uasta***

Cineálacha fíonta geala cuachthreoraithe

7 860 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Cineálacha fíonta dearga cuachthreoraithe

6 430 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

47.58 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Fíonta geala treilíse

11 430 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Fíonta dearga treilíse

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear sa limistéar na dáileachtaí agus na fodháileachtaí atá lonnaithe sna bardais seo a leanas:

— Almansa

— Alpera

— Bonete

— Corral Rubio

— Higueruela

— Hoya Gonzalo

— Pétrola

— Chinchilla: an limistéar a theorannaítear le bóthar seirbhíse AB-402 (bóthar atá ag dul ó Horna go Venta de Alhama) agus atá ar theorainn bhardais Pétrola agus Ceartal Rubio ar thaobh amháin agus atá ar theorainn bhardais Bonete, Higueruela agus Hoya Gonzalo ar an taobh eile.

7. **Príomhchineálacha na bhfíonta geala**

GARNACHA TINTORERA

MONASTRELL

VERDEJO

8. **Tuairisc ar na naisc**

8.1. ***Fíon***

Tá limistéar táirgthe an tsonrúcháin tionscnaimh "Almansa" lonnaithe i gcrios idirthurais aeráide. Tá na fíonghoirt lonnaithe ar ísealchríocha, áit a bhfuil ithreacha tréscaoilteacha ann atá saibhir in aolchloch agus atá ar bheagán cothaitheach. Tá an mheánfhrasaíocht íseal, eadhon 250 mm/bliain. A bhuí leis an easpa báistí, le tréscaoilteacht na hithreach agus leis an táirgeacht íseal, is féidir fíonta, a bhfuil boladh láidir agus dath gléineach orthu, a tháirgeadh.

8.2. ***Fíon súilíneach ar ardchaighdeán***

Leis na teochtaí foircneacha agus le saibhreas na hithreach aolchloiche, is féidir na cineálacha údaraithe a shaothrú, ar cineálacha iad a thugann tathag agus cothromaíocht do na fíonta. Ar an gcaoi chéanna, is é an toradh atá ar an easpa báistí agus ar an líon uaireanta gréine atá ann, neart alcóil nádúrtha lenar féidir fíonta ina bhfuil na leibhéil bunaithe nirt alcóil a tháirgeadh. Maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha, is mar *cuvée* a úsáidtear na fíonta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, agus ar an ábhar sin tá feidhm ag an tuairisc ar a nasc maidir le fíonta súilíneacha freisin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha eile (pacáistíocht, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun gur féidir ainm cineáil fíniúna shonraigh aonair a úsáid, is gá 85 % ar a laghad de na fíonchaora teacht ón gcineál sin agus ní mór sin a thaifeadadh sna cláir fíona.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

http://pagina.jccm.es/agricul/paginas/comercial-industrial/consejos_new/pliegos/Mod_AM04%20_ALMANSA_cc_20210423.pdf